25 BLIANA INAR ÉIRIGH GO GEAL LINN
AGUS DÍOSPÓIDÍ Á RÉITEACH AGAINN

1991.1992.1993.1994
1995.1996.1997.1998
1999.2000.2001.2002
2003.2004.2005.2006
2007.2008.2009.2010
2011.2012.2013.2014

# AN COIMISIÚN UM CHAIDREAMH OIBREACHAIS
# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2015

1991.1992.1993.1994
1995.1996.1997.1998
1999.2000.2001.2002
2003.2004.2005.2006
2007.2008.2009.2010
2011.2012.2013.2014
2015



# An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais

## Tuarascáil Bhliantúil 2015

**arna cur faoi bhráid an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta**

de réir Alt 27(3)
den Acht Caidrimh Thionscail, 1990
agus Alt 62 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015



## Giorrúcháin agus Acrainmneacha

| | |
|---|---|
| **ACCS** | Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha |
| **ASP** | Plean Bliantúil Seirbhíse |
| **CIDT** | An Binse um Dhíospóidí sa Tionscal Foirgníochta |
| **CRO** | Oifigeach um Réiteach Cásanna |
| **CSO** | An Phríomh-Oifig Staidrimh |
| **DB** | Sochar Sainithe |
| **EAT** | An Binse Achomhairc Fostaíochta |
| **ERO** | Ordú Rialaithe Fostaíochta |
| **ERS** | Seirbhís Luath-Réitigh |
| **BSL** | Bord Soláthair an Leictreachais |
| **ESRI** | An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta |
| **ETB** | Bord Oideachais agus Oiliúna |
| **AE** | An tAontas Eorpach |
| **FDI** | Infheistíocht Dhíreach Eachtrach |
| **FEMPI** | Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail |
| **HRA** | Comhaontú Bhóthar Haddington |
| **HRM** | Bainistíocht Acmhainní Daonna |
| **HSE** | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| **IBOA** | Comhlachas Banc-Oifigeach Éireann |
| **ICTU** | Comhdháil na gCeardchumann |
| **IMF** | An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta |
| **IPA** | An Foras Riaracháin |
| **CT** | Caidreamh Tionsclaíoch |
| **IRN** | Industrial Relations News |
| **JIC** | Comhchomhairle nó Comhchomhairlí Tionscail |
| **JLC** | Comhchoiste nó Comhchoistí Saothair |
| **LRC** | An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais |
| **MNC** | Cuideachta Ilnáisiúnta |
| **NERA** | An tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta |
| **NIB** | An Comhlacht Náisiúnta Forfheidhmithe |
| **NUIG** | Ollscoil na hÉireann, Gaillimh |
| **PAS** | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí |
| **PMDS** | Córas Forbartha agus Bainistíochta Feidhmíochta |
| **PNA** | An Comhlachas Altraí Síciatracha |
| **REA** | Comhaontú Fostaíochta Cláraithe |
| **RCS** | Seirbhís na gCoimisinéirí um Chearta |
| **SEAI** | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann |
| **IR** | Ionstraim Reachtúil |
| **SIPTU** | An Ceardchumann Seirbhísí, Tionsclaíoch, Gairmiúil agus Teicniúil |
| **SLA** | Comhaontú Leibhéal Seirbhíse |
| **FBM** | Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide |
| **SNA** | Cúntóir Riachtanas Speisialta |
| **TD** | Teachta Dála |
| **TEEU** | An Ceardchumann Innealtóireachta Teicniúla agus Leictrigh |
| **UCD** | An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath |
| **WRC** | An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre |

# Clár na nÁbhar




| | |
|---|---|
| **Misean agus Feidhmeanna an Choimisiúin** | **2** |
| **Comhaltaí agus Oifigigh an Choimisiúin** | **4** |
| **Tuarascáil an Chathaoirligh** | **5** |
| **Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh 2015** | **6** |
| **Seirbhísí an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais** | **8** |
| **Rannóg na Seirbhíse Comhairlí** | **9** |
| **Rannóg na Seirbhíse Comhréitigh, Idirghabhála agus Luath-Réitigh** | **11** |
| **Seirbhís na gCoimisinéirí um Chearta** | **15** |
| **Seirbhísí Corparáideacha** | **17** |
| **Ráitis Airgeadais** | **19** |
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais agus an Choimisiúin um Chaidreamh san Ionad Oibre | 20 |
| Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais | 21 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 23 |
| Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta | 25 |
| Ráiteas faoin Ioncaim Uileghabhálach | 26 |
| Ráiteas ar Staid an Airgeadais | 27 |
| Ráiteas Shreabhadh Airgid | 28 |
| Nótaí ar na Ráitis Airgeadais | 29 |

# Ráiteas Misin



“ Seirbhísí cuí, tráthúla agus éifeachtúla a chur ar fáil d’fhostóirí, do cheardchumainn agus d’fhostaithe d'fhonn beartais, nósanna imeachta agus cleachtais na hÉireann um chaidreamh tionsclaíoch a fhorbairt agus a fheabhsú.”



## Feidhmeanna an Choimisiúin

Comhlíonann an Coimisiún an misean sin trí na seirbhísí sonracha seo a leanas a sholáthar:

- Seirbhís Chomhréitigh caidrimh thionsclaíoch
- Seirbhís Chomhairleach caidrimh thionsclaíoch
- Seirbhís Idirghabhála san Áit Oibre
- Seirbhís na gCoimisinéirí um Chearta
- cúnamh do na Comhchoistí Oibreachais agus na Comhchomhairlí Tionsclaíocha i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna

Tugann an Coimisiún faoi ghníomhaíochtaí eile de chineál forbartha a bhaineann le feabhas a chur ar chleachtais caidrimh thionsclaíoch, lena n-áirítear:

- athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí i réimse an chaidrimh thionsclaíoch
- cóid chleachtais a bhaineann le caidreamh tionsclaíoch a ullmhú, i gcomhairle leis na Comhpháirtithe Sóisialta
- taighde agus foilseacháin caidrimh thionsclaíoch
- seimineáir agus comhdhálacha faoi chaidreamh tionsclaíoch agus faoi shaincheisteanna bainistíochta acmhainní daonna a eagrú

# Comhaltaí agus Oifigigh an Choimisiúin 2015

**Comhaltaí agus Oifigigh an Choimisiúin 2015**



**Kieran Mulvey**
*An Príomhfheidhmeannach*
An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais



**Breege O'Donoghue**
*Cathaoirleach*
Ceaptha chun an Bhoird ag an Rialtas



**John Hennessy**
*Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta*
Ceaptha chun an Bhoird ag Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC)



**Peter McLoone**
*Comhalta den Choiste Iniúchóireachta*
Ceaptha chun an Bhoird ag Comhdháil na gCeardchumann (ICTU)



**Brendan McGinty**
*Comhalta den Choiste Iniúchóireachta*
Ceaptha chun an Bhoird ag Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC)



**Fergus Whelan**
Fergus Whelan
Ceaptha chun an Bhoird ag Comhdháil na gCeardchumann (ICTU)

# Tuarascáil an Chathaoirligh 2015



Thar ceann Bhord an Choimisiúin ba mhaith liom a thabhairt faoi deara gurb í seo an tuarascáil deiridh de chuid an Bhoird seo agus, go deimhin, de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais, tar éis dó a bheith ag feidhmiú le beagnach cúig bliana is fiche.

Tá an Coimisiún ar an bhfód ó 1991 i leith agus creideann an Bord go ndearna sé féin agus na Boird a tháinig roimhe, in éineacht leis an lucht ardbhainistíochta, gach iarracht chun seirbhís luachmhar phoiblí a sholáthar i ndáil le réiteach díospóidí san áit oibre. Rinne an Coimisiún cion nach beag ina ról lárnach ar mhaithe le síocháin thionsclaíoch agus réiteach díospóidí, agus é ag feidhmiú uaireanta in éadan díospóidí a bhí ionann is doréitithe agus dálaí dúshlánacha sa tír.


Ní gá ach breathnú ar a chuntas teiste le cúig bliana is fiche anuas chun léargas a fháil ar an obair mhór atá déanta aige ina leith sin, agus díol suntais is ea an cheannasaíocht a léirigh sé agus é ag cuidiú ár ngéarchéim gheilleagrach a réiteach.

Thar raon feidhme leathan a chuid gníomhaíochtaí – Comhréiteach, Comhairle, Cearta agus taighde – is mór an méid a rinne sé ar son rathúlacht gheilleagar na hÉireann agus ar son a chinntiú go mbeadh rannpháirtíocht níos dearfaí idir an lucht bainistíochta agus na fostaithe san áit oibre. Fianaise ar na hiarrachtaí sin is ea an tsíocháin thionsclaíoch a bhí i réim anseo.

Ba mhaith leis an mBord gach rath a ghuí ar an eagraíocht nua, an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, agus tá lánmhuinín aige go leanfaidh Kieran Mulvey, an tArd-Stiúrthóir, agus a fhoireann ar aghaidh ag soláthar seirbhís den scoth dá gcliaint iomadúla agus do na saoránaigh, agus go rachaidh a gcuid oibre chun leasa an stáit.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire, Richard Bruton TD agus le hoifigigh na Roinne as ucht a gcúnaimh agus a dtacaíocht i gcaitheamh na mblianta, agus gabhaim buíochas freisin leo siúd a bhí ar an mBord liom le linn mo chuid téarmaí oifige. Bhíodar fial flaithiúil lena dtacaíocht agus a gcur chuige cuiditheach i gcónaí.

Tá deireadh ré buailte linn. Tá institiúid náisiúnta nua tagtha ar an bhfód a sholáthraíonn seirbhís lánchuimsitheach i dtaobh díospóidí a réiteach. Go n-éirí go geal leis, mar a d'éirigh leis an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais san am atá thart.



**Breege O'Donoghue**
Cathaoirleach
Meán Fómhair 2015

# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh 2015



Ní beag an aiféala atá orm gurb í seo an tuarascáil deiridh ón gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais. Beidh ról agus feidhmeanna an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais cuimsithe anois in eagraíocht nua, an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, ón 1 Deireadh Fómhair 2015.

Ba mhór an phribhléid domsa é gur ceapadh mé i mo chéad Phríomhfheidhmeannach ar an gCoimisiún (Feabhra 1991) agus gur athcheap rialtais éagsúla mé ar feadh cúig thréimhse chomhleanúnacha. Thar na cúig bliana is fiche sin, bhí an Coimisiún i gcroílár fhormhór na n-athruithe ó bhonn a tháinig ar chúrsaí caidrimh thionsclaíoch san earnáil phríobháideach agus sa tseirbhís phoiblí araon sa tír seo.

Tháinig athruithe móra i rith na tréimhse sin freisin i dtaobh na cómhargála, in eagraíochtaí ceardchumainn, i gcomhlachtaí bainistíochta agus i raon feidhme an dlí fostaíochta. Bhí ról lárnach ag an gCoimisiún i gcuid mhaith de na Comhaontuithe Comhpháirtíochta Sóisialta roimhe seo agus sna comhaontuithe seirbhíse poiblí le déanaí – "Pháirc an Chrócaigh", Bóthar Haddington agus Bóthar Lansdúin – agus anois i dtréimhse mhargála i measc fiontar.

Tá athruithe ó bhonn tarlaithe in a lán Fiontar Stáit in Éirinn, idir mhór-athstruchtúrú inmheánach agus phríobháidiú. Is amhlaidh atá freisin i gcás iompar poiblí, thionscal na heitlíochta, an phoist agus na teileachumarsáide, ár gcalafort agus ár n-aerfort, san earnáil sláinte, san earnáil oideachais agus sna húdaráis áitiúla. Murach an cúnamh a thug an Coimisiún do lucht bainistíochta agus do cheardchumainn i leith na n-athruithe sin, bheadh díospóidí tionsclaíocha díobhálacha tagtha as an easaontas a cothaíodh dá mbarr.

Thar na blianta chuidigh seirbhísí an Choimisiúin le hearnálacha fostaíochta, fiontair aonair, seirbhísí Stáit agus ceardchumainn maidir le próisis agus nósanna imeachta rannpháirtíochta fostaithe a chur ar bun chun cuidiú leis an gcómhargáil agus chun éascú don dea-chaidreamh tionsclaíoch agus do chláir oibre i ndáil le hathruithe a bhainistiú. Is fíor freisin a rá go bhfuil roinnt fiontar agus a gcuid fostaithe fós i mbun gnó anois de bharr idirghabhálacha sonracha ón gCoimisiún ag céimeanna criticiúla sna próisis réitithe díospóidí.

I rith na tréimhse sin agus trí Sheirbhís na gCoimisinéirí um Chearta dá chuid, rinne an Coimisiún breithniú ar bheagnach 200,000 cás casaoide agus cás ceart fostaíochta a bhain le daoine aonair nó le grúpaí beaga daoine, rud a chuidigh go mór i dtaobh éilimh aonair a chur chun cinn lena mbreithniú mar a fhoráiltear do san Acht Caidrimh Thionscail, 1990. Bhí na díospóidí aonair sin ina ngné sheasta den ghníomhaíocht thionsclaíoch agus de na stailceanna sna 1970í agus sna 1980í.

Tá cuid mhór tuarascálacha bunúsacha a coimisiúnaíodh ónár gcomhpháirtithe acadúla tosaigh sna hollscoileanna ar an oileán seo tar éis cur freisin le corpas nua eolais ar chleachtais acmhainní daonna, ar an bhformáid i ndáil le réiteach díospóide in Éirinn agus thar lear agus ar éifeachtúlacht na bhforbairtí atá ag teacht chun cinn sa dlí fostaíochta.

Ón 1 Deireadh Fómhair 2015, cuimsítear sa Choimisiún nua um Chaidreamh san Áit Oibre na feidhmeanna a bhíodh ag an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais, ag an mBinse Comhionannais, ag an Údarás Náisiúnta um Chearta Fostaíochta agus ag an mBinse Achomhairc Fostaíochta.

Tá mise ar son chónascadh na n-eagraíochtaí sin le fada an lá agus is éacht suntasach a rinne an té atá ina Aire faoi láthair, Richard Bruton TD, nuair a bhunaigh sé an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre mar ghné thábhachtach de chlár athchóirithe na seirbhíse poiblí.

Tá súil agam, i mo cháil mar an chéad Ard-Stiúrthóir, go bhfeidhmeoidh mé féin, an Bord agus mo chomhghleacaithe leis an gceannasaíocht agus an éifeachtacht atá de dhíth ionas go mbeidh an fhís sin á cur i bhfeidhm go daingean inár straitéis agus inár bPleananna Gnó anseo feasta.

Níl aon chomhlacht reachtúil ar fud an domhain a bhíonn ag plé le réiteach díospóidí a bhfuil raon feidhme aige atá inchurtha leis siúd atá ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre.

Ba mhaith liom moladh mór a thabhairt do na Cathaoirligh Boird roimhe seo a raibh sé de phribhléid agam a bheith ag obair ina gcuideachta – Dan McAuley (nach maireann), Catherine Forde A.S, Catherine Murphy, Maurice Cashell agus, le blianta beaga anuas, Breege O'Donoghue.

Ba mhaith liom go háirithe aitheantas a thabhairt do m'fhoireann agus mo chomhghleacaithe (faoi láthair agus san am atá imithe tharainn) lena raibh mé ag obair thar na blianta agus a tháinig liom trí thráthanna ina cuireadh strus orainn, inar cuireadh ár ndúshlán agus ar bhaineamar sult astu!

Ba mhaith liom freisin aitheantas a thabhairt don tacaíocht ó na hairí roimhe seo a raibh freagracht orthu sa réimse seo agus iad in oifig – Bertie Ahern, Brian Cowen, Ruairí Quinn, Mary Harney, Mícheál Martin agus Richard Bruton (2).



**Kieran Mulvey**
An Príomhfheidhmeannach
Meán Fómhair 2015

# Seirbhísí an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais



# Rannóg na Seirbhíse Comhairlí

## Ráiteas Misin

" A bheith ag obair i ndlúthpháirt le fostóirí, le ceardchumainn agus le fostaithe chun na nósanna imeachta agus na cleachtais agus na beartais is fearr maidir le caidreamh tionsclaíoch a fhorbairt, a chur chun cinn agus a chur chun feidhme, d'fhonn leas geilleagrach an fhiontair a fheabhsú agus cabhrú chun fostaíocht a chruthú agus a choinneáil."

### Forbhreathnú ar an tSeirbhís Chomhairleach

Tá an tSeirbhís Chomhairleach dírithe ar oibriú le fostóirí, fostaithe agus ceardchumainn chun cleachtais, struchtúir agus nósanna imeachta dearfacha caidrimh thionsclaíoch a fhorbairt. Is é an príomhchuspóir atá aici ná cúnamh a thabhairt caidreamh dearfach oibre a chruthú agus a chothú san áit oibre mar aon le bealaí éifeachtacha chun díospóidí a chosc agus a réiteach a chur chun feidhme. Is féidir leis an tSeirbhís comhairle agus cúnamh a thabhairt faoi ghné ar bith a bhaineann le caidreamh tionsclaíoch in áiteanna oibre na hÉireann. Feidhmíonn an tSeirbhís ar an bprionsabal gur cuma an díospóid ghrúpa nó díospóid duine aonair atá i gceist, gur fearr í a réiteadh san áit oibre, agus bíonn an cúnamh a chuireann sí ar fáil dírithe go mór ar chur le cumas na n-eagraíochtaí agus a gcuid fostaithe an caidreamh tionsclaíoch atá acu a bhainistiú go hinmheánach, ar bhonn éifeachtach.

### Soláthar Seirbhísí

Cé go gcuirtear an cúnamh in oiriúint do riachtanais áirithe gach áite oibre, is féidir na cineálacha cúnaimh a aicmiú mar seo a leanas:

#### Athbhreithnithe ar Chaidreamh Tionsclaíoch

Is éard atá i gceist le hathbhreithnithe ar chaidreamh tionsclaíoch ná measúnú domhain ar chaidreamh tionsclaíoch in áiteanna oibre d'fhonn réimsí faidhbe a aithint, moltaí a dhéanamh faoi chleachtais agus nósanna imeachta feabhsaithe, agus a bheith ag obair le gach duine lena mbaineann chun feabhsuithe a dhéanamh. D'fhéadfadh sé a bheith i gceist le gnáth-athbhreithniú go gcuirfí próisis éagsúla ar bun chun faisnéis a thiomsú, lena n-áirítear agallaimh aonair/ceistneoirí, suirbhéanna ríomhphoist agus grúpaí fócais. Is é an cuspóir lárnach i gcás gnáth-athbhreithnithe ná na réimsí faidhbe a aithint go cruinn agus a bheith ag obair le gach duine lena mbaineann chun teacht ar réitigh éifeachtacha.

#### Meithleacha Oibre Comhpháirteacha

Is éard atá i gceist le Meitheal Oibre Chomhpháirteach ná comhphróiseas ina nglacann lucht bainistíochta agus fostaithe araon páirt, arna éascú ag an tSeirbhís, chun feidhmiú a dhéanamh ar mholtaí a rinneadh de bharr athbhreithnithe ar chaidreamh tionsclaíoch. Tá an próiseas ceaptha ionas go mbeidh rannpháirtíocht dhíreach ag gach páirtí lena mbaineann i réitigh a fháil ar a gcuid deacrachtaí, réitigh a bheidh inghlactha ag các.

#### Éascú

Cuireann an tSeirbhís seirbhís éascaithe ar fáil atá dírithe ar dheacrachtaí éagsúla san áit oibre lena n-áirítear athrú a dhéanamh ar chleachtais oibre agus nósanna imeachta níos fearr a fhorbairt san áit oibre. Dírítear an tseirbhís éascaithe ar chabhrú leis na páirtithe teacht ar réitigh a bhfuil glacadh ag gach páirtí leo.

**Oiliúint**
Tá sé ina shainchúram ar an tSeirbhís cur leis an acmhainn forbartha caidrimh thionsclaíoch in áiteanna oibre in Éirinn trí chláir réamhghníomhacha a chur ar bun ionas nach dtarlóidh díospóidí, agus príomhghné de sin is ea oiliúint a chur ar fáil ar ghnéithe éagsúla den chaidreamh fostaíochta.

Tá forbairt déanta ar an tSeirbhís agus bíonn sí fós ag cur cláir éagsúla ar bun maidir le nósanna imeachta san áit oibre – casaoid, araíonacht agus dínit, cumarsáid agus comhairliúchán, agus déileáil leis an aighneas san áit oibre i gcoitinne. Cuirtear na cláir in oiriúint do na riachtanais atá ag eagraíochtaí aonair, idir mhór agus bheag, san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí.

Sna cláir oiliúna a sholáthraíonn an Coimisiún – arna gcur ar bun ar an láthair ag ár bhfoireann cleachtóirí oilte ón Rannóg Seirbhísí Comhairleacha agus ón Rannóg Seirbhísí Comhréitigh – dírítear ar fheabhas a chur ar an gcumas atá ag áiteanna oibre agus a gcuid fostaithe chun próisis agus nósanna imeachta éifeachtacha um chaidreamh tionsclaíoch a fhorbairt agus a fheidhmiú.

**Réiteach Deonach Díospóide**
Déanann an tSeirbhís éascú ar an nós imeachta atá leagtha síos sa Chód Cleachtais Feabhsaithe chun Aighnis a Réiteach go Saorálach (I.R. Uimh. 76 de 2004), ina dtugtar creat um dhíospóidí a phróiseáil sa chás nach bhfuil cómhargáil i bhfeidhm.

**Idirghabháil san Áit Oibre / Idirghabháil Chomhionannais**
Comhlíonann foireann chomhpháirteach de chuid na Seirbhíse Comhairlí agus na Seirbhíse Comhréitigh feidhmeanna Idirghabhála san Áit Oibre agus feidhmeanna Idirghabhála Comhionannais. Tá forbhreathnú agus mionsonraí ina leith sin leagtha amach faoi ghníomhaíocht na Seirbhíse Comhréitigh.

**Cóid Chleachtais**
Foilsíodh Cód Cleachtais ar Nochtadh Cosanta (Sceithireacht) le linn na tréimhse. Cuireadh an Cód i bhfeidhm de bhun rith an Achta um Nochtadh Cosanta 2014, d'fhonn cuidiú le cur chun feidhme praiticiúil an Achta agus d'fhonn treoir ar dhea-phrionsabail a thabhairt d'eagraíochtaí agus a gcuid oibrithe.

Leasaíodh an Cód Cleachtais ar Íospairt i rith na tréimhse chun é a dhéanamh follasach gur cineál íospartha faoin gCód is ea aon éifeacht dhíobhálach a eascróidh as fostaí do dhiúltú d'aslú (airgeadais nó eile) atá saincheaptha ionas go scorfaidh fostaí d'ionadaíocht chomhchoiteann a bheith á déanamh ag ceardchumann air nó uirthi. Cuireadh i bhfeidhm an leasú sin ar an gCód i gcomhthéacs rith an Achta Caidrimh Thionscail (Leasú) 2015.

**Taighde**
Tá an tSeirbhís freagrach as an sainchúram atá ar an gCoimisiún i dtaobh taighde a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le caidreamh tionsclaíoch agus i dtaobh monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí ábhartha sa chaidreamh tionsclaíoch go ginearálta.

Maidir leis sin, cuireadh i gcrích tionscadal taighde ar Nuálaíochtaí i mBainistíocht Aighnis in Eagraíochtaí. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún cistiú ar fáil do thionscadal taighde faoin idirghabháil, in OÉ Gaillimh.

**Comhchlár Taighde LRC/ACAS ar Nuálaíochtaí i mBainistíocht Aighnis**
Thacaigh an Coimisiún le tionscadal taighde a raibh sé ina aidhm aige 10 gcás-staidéar a dhéanamh (5 cinn sa Ríocht Aontaithe agus 5 cinn in Éirinn) ar chleachtais um bainistiú aighnis san áit oibre in eagraíochtaí sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn. Díríodh aird sna cás-staidéir ar an bhfáth ar chuir eagraíochtaí (idir cheardchumainn agus eagraíochtaí nach ceardchumainn iad, san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí araon) nuálaíochtaí um aighneas san áit oibre i bhfeidhm; conas a leabaíodh cleachtais nua in eagraíochtaí, agus na torthaí a bhí orthu. Cuireadh an tionscadal i gcrích le linn na tréimhse.

**Tionscadal Idirghabhála**
Thacaigh an Coimisiún le tionscadal taighde in OÉ Gaillimh a raibh sé ina chuspóir leis scrúdú a dhéanamh ar na difríochtaí in iompar an idirghabhálaí ar fud ceithre chomhthéacs eagraíochtúla, lena n-áirítear an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais agus an Binse Comhionannais.

**Miondealú ar Ghníomhaíochtaí/Acmhainní 2015**
**Gníomhaíocht**

| Cineál Tionscadail | Líon na dTionscadal |
|---|---|
| I.R. 76 | 3 |
| Éascú/Meithleacha Oibre Comhpháirteacha | 22 |
| Athbhreithnithe ar Chaidreamh Tionsclaíoch | 10 |
| Oiliúint | 6 |
| Cóid Chleachtais | 2 |

*Tabhair faoi deara: Baineann an figiúr um líon na dtionscadal leis na tionscadail féin agus ní le líon na gcruinnithe.*

# Rannóg na Seirbhíse Comhréitigh, Idirghabhála agus Luath-Réitigh

## Ráiteas Misin

" Soláthróidh an Rannóg Seirbhísí Comhréitigh, Idirghabhála agus Éascaithe ar shlí neamhchlaonta, thráthúil agus éifeachtach, agus í seasta ag cloí le hardchaighdeán, san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon"

Dhírigh an Rannóg in 2015 ar sheirbhís sholúbtha shofhreagrach a chur ar fáil go tráthúil chun freastal ar riachtanais na bpáirtithe i ndíospóid nó na bpáirtithe a raibh fadhbanna le réiteach acu in áiteanna oibre in Éirinn. Is é luach príomhúil agus feidhm phríomhúil na seirbhíse go bhfuil fáil uirthi chun acmhainn den scoth a sholáthar go tráthúil i gcás díospóide. Ba é soláthar na seirbhíse ardchaighdeáin sin an dúshlán a sháraigh baill foirne na Rannóige, idir Chomhréiteoirí/Idirghabhálaithe, Oifigigh um Réiteach Cásanna agus bhaill foirne tacaíochta, in 2015.

**Achoimre ar Ghníomhaíocht na Bliana 2015**

| Catagóir | Iomlán go dtí deireadh mhí na Mheáin Fómhair 2015 |
|---|---|
| **Comhréiteach** | |
| Atreoruithe | 797 |
| Comhdhálacha | 1,022 |
| Cruinnithe Eile (Éascú, Formhaoirsiú, Comhchoistí Saothair, Cathaoirleach ar Fhóraim Idirbheartaíochta, Idirghabháil Chomhionannais) | 441 |
| **Líon iomlán na gcruinnithe** | 1,400 |
| **Atreoruithe chun na Cúirte Oibreachais** | 173 |
| **Idirghabháil san Áit Oibre** | |
| Atreoruithe | 39 |
| Cruinnithe (lena n-áirítear baill den Fhoireann Chomhairleach) | 42 |
| **An tSeirbhís Luath-Réitigh** | |
| Líon na gComhad a roghnaíodh i leith na Seirbhíse: | 1,485 |
| Líon na gComhad ina ndeachaigh an dá pháirtí i gcomhairle leis an tSeirbhís: | 659* |
| Líon na n-aistarraingtí tar éis idirghabhála | 284 |
| Céatadán na gcásanna a réitíodh | 43% |

***(Is iondúil go gcumhdaíonn comhaid roinnt éileamh i ngach atreorú agus gach comhad cáis)*

### Gníomhaíocht na Seirbhíse Comhréitigh

Bhain an tSeirbhís Chomhréitigh amach ráta socraíochta 78% i dtaobh chomhréiteach na ndíospóidí a atreoraíodh chuici (797) sa tréimhse ó Eanáir go Meán Fómhair 2015, líon atá ag teacht le líon na gcásanna inar éirigh léi san am atá caite. Cuireadh 104 dhíospóid nach bhfuarthas réiteach orthu faoi bhráid na Cúirte Oibreachais sa tréimhse atá faoi chaibidil. I gcás cuid mhór de na hatreoruithe sin chun na Cúirte rinneadh dul chun cinn nach beag le linn comhréitigh maidir leis na difríochtaí idir na páirtithe a chúngú agus scagadh/laghdú a dhéanamh ar dheacrachtaí a raibh moladh ón gCúirt Oibreachais de dhíth ina leith.


I gcomhthéacs fianaise éigin ar bhorradh a bheith faoin ngeilleagar, bhí deis le tapú sa chéad chuid den bhliain i dtaobh réamhphlé a dhéanamh faoi shíneadh ama a chur leis an gcomhaontú seirbhíse poiblí (Comhaontú Bhóthar Haddington). Cuireadh dianchainteanna gearra ar bun idir na páirtithe go léir, as ar tháinig Comhaontú Seirbhíse Poiblí eile i ndeireadh na dála. Faoin Chomhaontú Bhóthar Lansdúin bhí pá le hardú chuig an leibhéal ar a mbíodh sé agus deireadh le cur de réir a chéile leis an tobhach pinsin, agus bhí foráil ann freisin d'arduithe beaga pá i gcás roinnt fostaithe.

Bhain roinnt mhaith d'obair na seirbhíse le cathaoirleacht a dhéanamh ar dhíospóireachtaí i ndáil le Comhaontú Bhóthar Lansdúin. Chomh maith le leanúint ar aghaidh lena chathaoirleacht ar na 'Comhlachtaí Maoirseachta' a bunaíodh chun cúnamh a thabhairt le saincheisteanna a eascraíonn as feidhmiú na gComhaontuithe Seirbhíse Poiblí san earnáil phoiblí, chabhraigh an tSeirbhís freisin chun díospóidí a réiteach i réimse an-leathan tionscal ar fud an gheilleagair agus i raon leathan deacrachtaí a bhaineann le pá agus liúntais, uaireanta oibre, líon oibrithe, athstruchtúrú, pinsin, agus coinníollacha fostaíochta i gcoitinne.

Cuid mhór de na díospóidí a cuireadh faoi bhráid na seirbhíse sa tréimhse idir Eanáir agus Meán Fómhair 2015, is le struchtúir eagraíochtúla agus éilimh íocaíochta a bhain siad. I measc na n-eagraíochtaí ar chuidigh an Coimisiún díospóidí a réiteach dóibh agus/nó ar éascaigh sé do na páirtithe i bplé, bhí Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath, Novartis, Pfizer, Iarnród Éireann, Medite, Mondelez, Institiúid Tyndall, Ervia, Coillte, Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath, Tegral Building Products, Valeo Foods, Guinness Ireland, Lisavaird Co-Op, Banc na hÉireann, Musgrave Retail Partners, Philips 66, Irish Life agus Bord na Móna.

Atreoraíodh 797 gcás i gcomhair comhréitigh idir Eanáir agus Meán Fómhair 2015. Laghdú a bhí ansin ar an líon 817 n-atreorú a fuarthas don tréimhse chéanna in 2014, ach ba é líon na gcruinnithe a tionóladh ná 1022, líon a bhí ar an dul céanna le figiúr na bliana 2014, is é sin 1007. Athraíonn an coibhneas idir comhdhálacha agus atreoruithe ó bhliain go bliain ag brath ar chúinsí amhail castacht agus deacracht na gcásanna agus an t-ionchur ard comhréitigh atá de dhíth i gcineálacha áirithe cásanna, cosúil le hidirbheartaíocht san earnáil phoiblí agus díospóidí i dtaobh cuíchóiriú nó laghdú costas.

### Deacrachtaí a cuireadh faoi bhráid na Seirbhíse Comhréitigh ó Mheán Fómhair 2015




### Cathaoirleacht ar Fhóraim Idirbheartaíochta

Chomh maith le Cathaoirleach a chur ar fáil do chruinnithe na nGrúpaí Maoirseachta a bunaíodh faoi Chomhaontú Bhóthar Haddington, chuir an Rannóg Cathaoirligh ar fáil d'fhóraim idirbheartaíochta éagsúla. In 2015 bhí baill foirne de chuid na Rannóige ina gcathaoirligh ar idirbheartaíocht de chuid na gcomhairlí agus na bhfóram seo a leanas: Comhchomhairle Náisiúnta na Seirbhíse Sláinte, an Chomhairle Eadrána do Mhúinteoirí, Comhairle Náisiúnta na nÚdarás Áitiúil, Fóram Comhréitigh agus Monatóireachta na Seirbhíse Príosúin, Fóram Idirbheartaíochta na nInstitiúidí Teicneolaíochta agus na Comhchomhairlí Tionsclaíocha d'earnálacha na Foirgníochta, na

gConarthóirí Leictreacha agus an Chlóbhuailte agus an Chomhchomhairle Thionsclaíoch Stáit.

### Athbhunú na gComhchoistí Oibreachais

I ndiaidh athbhunú na gComhchoistí Oibreachais (JLCanna) sa bhliain 2014, iarradh ar roinnt ball foirne de chuid na Seirbhíse Comhréitigh a bheith ina gcathaoirligh ar na Comhchoistí Oibreachais sna tionscail seo: Slándáil, Glanadh ar Conradh, Óstáin, Lónadóireacht agus Gruagaireacht. Comhlachtaí earnála is ea na Comhchoistí Oibreachais a bhfuil sé de chumhacht acu orduithe rialaithe fostaíochta a dhéanamh agus téarmaí agus coinníollacha a leagan síos i dtaobh íosrátaí pá. Ceadaíodh dhá Ordú Rialaithe Fostaíochta sa chuid dheireanach de 2015 – ceann amháin don Earnáil Slándála agus an ceann eile don Earnáil um Ghlanadh ar Conradh.

### An tSeirbhís Luath-Réitigh

Seirbhís idirghabhála is ea an tSeirbhís Luath-Réitigh (ERS), ar bhunaigh an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais í sa bhliain 2012. Tríd an tSeirbhís Luath-Réitigh, cuirtear seirbhís idirghabhála ar fáil i gcásanna atá curtha ar aghaidh i gcomhair a mBreithnithe faoi reachtaíocht um chearta fostaíochta. Faoin tseirbhís, bíonn deis luath ag páirtithe i ndíospóidí den sórt sin chun a gcuid deacrachtaí a réiteach trí idirghabháil ar an teileafón ó 'Oifigeach um Réiteach Cásanna'. Ach leas a bhaint as idirghabháil, is féidir le páirtithe teacht ar a gcuid socraíochtaí féin agus na costais a d'fhéadfadh a bheith i gceist le próiseas breithnithe céadchéime a sheachaint, mar aon leis an gcostas a bhainfeadh le céim achomhairc ina dhiaidh sin dá mbeadh a leithéid i gceist.

### Formáid na Seirbhíse

Tá an tseirbhís á cur ar fáil ag cúigear oifigeach um Réiteach Cásanna agus is cosúil í le seirbhísí idirghabhála teileafóin den chineál céanna atá á soláthar ag ACAS sa Ríocht Aontaithe agus ag an nGníomhaireacht um Chaidreamh Oibreachais i dTuaisceart Éireann.

Bíonn próiseas roghnaithe ar siúl sa Choimisiún ar dtús d'fhonn na cásanna a aithint a bhfuil an chuma orthu go bhféadfaí iad a réiteach trí idirghabháil. Mar sin féin, toisc gur próiseas deonach atá i gceist leis an idirghabháil, ní leantar ar aghaidh léi ach amháin sna cásanna ina nglacann an dá pháirtí le tairiscint idirghabhála ón gCoimisiún.
Más rud é go mbíonn an dá thaobh sásta páirt a ghlacadh sa phróiseas, fágtar tréimhse ghearr ama chun teacht ar réiteach trí phróiseas idirghabhála a mbeidh Oifigeach um Réiteach Cásanna á stiúradh.

Má dhiúltaítear don idirghabháil, nó mura n-éiríonn léi, cuirtear an cás ar aghaidh gan mhoill le haghaidh éisteacht bhreithnithe fhoirmiúil.

### Soláthar na Seirbhíse in 2015

Sa tréimhse idir Eanáir agus Meán Fómhair 2015, thairg an tSeirbhís Luath-Réitigh idirghabháil in 1485 chás a bhí roghnaithe aici. Ghlac an dá pháirtí leis an tairiscint idirghabhála in 659 gcás díobh sin, nó 46% acu. - Réitíodh 284 chás le cúnamh ón tSeirbhís Luath-Réitigh agus níor ghá iad a chur ar aghaidh le haghaidh breithnithe. Réitíodh 43% de na cásanna ag céim na hidirghabhála.

### Idirghabháil san Áit Oibre

Cuireann an tseirbhís slí phras, rúnda agus éifeachtach ar fáil chun aighneas, díospóidí agus easaontas san áit oibre a réiteach. Is maith go háirithe mar a oireann an Idirghabháil san Áit Oibre do dhíospóidí a bhaineann le daoine aonair nó le grúpaí beaga oibrithe.

Soláthraíonn an tSeirbhís Idirghabhálaithe Áite Oibre a bhfuil oiliúint chuí orthu agus a fhreagraíonn go pras, faoi rún agus go héifeachtúil ar iarratais ar aighneas, díospóidí agus easaontas san áit oibre a réiteach. Tháinig foireann idirghabhálaithe an Choimisiúin ón tSeirbhís Chomhréitigh agus ón tSeirbhís Chomhairleach. Atreoraíodh 44 chás chun na seirbhíse idir Eanáir agus Meán Fómhair 2015 agus thionóil sí 44 chruinniú san iomlán agus í ag plé le cliaint.

Áiríodh i ndeasc na bhfadhbanna a bhí le réiteach deacrachtaí idir daoine, go háirithe sa chaidreamh idir maoirseoir agus fostaí, ach bhí aighneas i measc grúpa i gceist freisin. Is é an fostóir, ina ról mar 'gníomhaire coimisiúnaithe', a thionscain formhór na gcásanna agus na n-iarratas ar chúnamh tríd an bpróiseas idirghabhála.

### Gnásanna Achomhairc na mBord Oideachais agus Oiliúna – Achomhairc Chéim 4 i leith Casaoide

Bíonn duine d'oifigigh na Rannóige ag gníomhú mar Oifigeach Neamhspleách Achomharc comhaontaithe i leith casaoid chéim 4 i gcás baill foirne nach dtagann faoin Acht Caidrimh Thionscail 1990. Éisteadh dhá achomharc faoin nGnás Casaoide in 2015.

### Gnásanna Achomharc Araíonachta i leith Boird Oideachais agus Oiliúna

Tá duine d'oifigigh na Rannóige ag gníomhú freisin mar Oifigeach Neamhspleách Achomharc comhaontaithe i leith achomhairc chéim 4 faoi na gnásanna araíonachta atá comhaontaithe ar bhonn náisiúnta i leith na mBord Oideachais agus Oiliúna.

Éisteadh achomharc amháin in 2015 agus tugadh chun críche é.

**Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha (ACCS) – Achomhairc Chéim 4 i leith Casaoide**
Tá duine d'oifigigh na Rannóige ag gníomhú mar Oifigeach Neamhspleách Achomharc comhaontaithe i ndáil le casaoidí chéim 4 i gcás baill foirne san earnáil ACCS nach dtagann faoin Acht Caidrimh Thionscail 1990. Níor eisíodh achomharc ar bith in 2015.

### Ionchuir oiliúna a sholáthair an tSeirbhís Chomhréitigh in 2015

Is í an Rannóg Chomhairleach, Thaighde agus Faisnéise atá freagrach as comhordú a dhéanamh ar thacaíocht ón gCoimisiún do pháirtithe leasmhara trí chláir oiliúna shaincheaptha a chur ar bun. Lean oifigeach de chuid na Seirbhíse Comhréitigh ar aghaidh ag glacadh páirte san obair sin le linn 2015. Ina theannta sin, lean Rannóg na Seirbhíse Comhréitigh ag tabhairt freagra ar iarratais agus ag tapú deiseanna chun obair na Rannóige a chur chun cinn trí chainteoirí agus éascaitheoirí a chur ar fáil do chláir oiliúna cliant a bhí dírithe ar an bpróiseas comhréitigh agus ar a luach mar uirlis réitithe díospóidí.

Rinne an t-oifigeach cur i láthair, agus i roinnt cásanna réitigh sé nó sí ábhar oiliúna agus chuir i láthair é, ag ceithre cinn is fiche de chúrsaí oiliúna a cuireadh ar bun d'ionadaithe ceardchumainn nuacheaptha, do ghníomhaithe sinsearacha agus do lucht eagraithe, chomh maith le hoifigigh lánaimseartha sna ceardchumainn IMPACT agus MANDATE.

Rinneadh cur i láthair freisin ag Ard-Mhúsaem na hÉireann, Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí, Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí, an Roinn Cosanta, Pdfora, Mandate, Scoil Ghnó Smurfit, do Mhic Léinn atá ag gabháil don Ghnó Idirnáisiúnta in DCU, don NBRU agus do IBEC. Lena chois sin, cuireadh ionchur ar fáil do chláir oiliúna i gcomhair na n-eagraíochtaí seo a leanas: ÚABÁC, Ceardchumann na nOibrithe Cumarsáide agus an Roinn Post, Fostaíochta agus Nuálaíochta.

### An Binse um Dhíospóidí sa Tionscal Foirgníochta

Bhunaigh na páirtithe sa Chomhaontú Fostaíochta Cláraithe de chuid an tionscail foirgníochta binse díospóidí in 2007, is é sin an Binse um Dhíospóidí sa Tionscal Foirgníochta (CIDT). Bhí sé ina aidhm leis freastal ar riachtanais shonracha na hearnála, go háirithe díospóidí aonair nó díospóidí aonuaire (a thagann faoi "Catagóir A"). Cuireann Rannóg na Seirbhíse Comhréitigh cathaoirleach neamhspleách ar fáil d'éisteachtaí an Bhinse. Bíonn ionadaí de chuid an fhostóra agus ionadaí de chuid na bhfostaithe ar an mBinse freisin. Foráiltear faoin bpróiseas nach n-eiseoidh an Binse cinneadh ach amháin sa chás ina mbeidh baill uile an Bhinse ar aon intinn. Na deacrachtaí is coitianta a thagann chun cinn sna hatreoruithe chuig an CIDT, is le pá agus coinníollacha fostaíochta a bhaineann siad.

Is í foireann riaracháin an Choimisiúin a dhéanann an CIDT a riar. In 2015, cuireadh 8 gcás chuig an CIDT lena n-imscrúdú. I measc na n-atreoruithe sin, sannadh 7 gcinn acu i gcomhair éisteacht iomlán os comhair an Bhinse agus réitíodh ceann acu ar bhonn áitiúil sular cuireadh éisteacht ar bun.

Tar éis na n-imscrúduithe a rinne CIDT, thángthas ar chomhaontú/réiteach in 6 chás. Cuireadh an díospóid gan réiteach faoi réir comhdháil chomhréitigh ar iarraidh ó na páirtithe.

### Próiseas Dearbhaithe/Breithnithe san Earnáil Sláinte

Soláthraíonn foireann riaracháin na Rannóige Seirbhíse Comhréitigh ról riaracháin ó thaobh an phróisis dearbhaithe/breithnithe don HSE agus do na páirtithe i gComhaontú na hEarnála Sláinte atá ina chuid den Chomhaontú Seirbhíse Poiblí 2010-2014. Leanadh le soláthar na seirbhíse sin i rith na gcomhaontuithe dá éis (Comhaontú Bhóthar Haddington agus Comhaontú Bhóthar Lansdúin). Bunaíodh í chun a bheith ina pointe fócasach maidir le hatreorú nithe gan réiteach a thagann faoi mhíreanna 2.9.12, 2.9.13, 2.9.14 agus 6.1 de Phrótacal Ath-Imlonnaithe na Seirbhíse Sláinte. Feidhm riaracháin atá i gceist léi a bhaineann le heagrú agus dáileadh na gcásanna chuig foireann breithneoirí. Le linn 2015, rinneadh próiseáil agus éisteacht ar 6 chás san iomlán, a bhain le thart ar 217 mball foirne de chuid na Seirbhíse Sláinte ar fud na tíre.

# Seirbhís na gCoimisinéirí um Chearta

Is éard atá i gceist go hiondúil le Seirbhís na gCoimisinéirí um Chearta ná réiteach díospóidí i measc daoine aonair agus grúpaí beaga oibrithe ar ghnáthdheacrachtaí caidrimh thionsclaíoch. Is é an cur chuige atá ag an tseirbhís féachaint le haghaidh a thabhairt ar fhadhbanna ar bhealaí atá tapa, neamhdhleathaíoch agus dírithe ar réiteach a aimsiú. Ó bunaíodh í, tá a fócas aistrithe chuig gearáin atá á dtionscnamh ag líon níos mó agus níos mó oibrithe faoi chorpas dlí saothair atá mór agus atá fós ag dul i méid.

Fuair Seirbhís na gCoimisinéirí um Chearta 5448 n-atreorú le linn na tréimhse idir Eanáir agus Meán Fómhair 2015. Cé gur laghdú pro rata a bhí i gceist ansin le hais na bliana roimhe sin, tugadh faoi chuid mhór oibre ar thionscadail a bhaineann le clár athchóirithe an chaidrimh san áit oibre. Arís eile, ba leis na hAchtanna um Íoc Pá a bhain an chatagóir aonair ba mhó gearán a cuireadh faoi bhráid na Seirbhíse. Ina ndiaidh sin i dtaobh a líonmhaire, tháinig gearáin a bhain leis na hAchtanna Caidrimh Thionscail agus leis an Acht um Eagrú Ama Oibre.

Amhail Meán Fómhair, 2015, b'iondúil go ndearnadh an chéad Éisteacht de bhun atreoraithe a thairiscint laistigh de thréimhse 8-12 sheachtain, lenar airíodh an tréimhse 'choinneála' 3 seachtaine dá bhforáiltear sa reachtaíocht, cé gur laghdaíodh an tréimhse sin go dtí 6 seachtaine i roinnt áiteanna.


**An tAonad Sceidealaithe Aonair**
Mar réamhullmhúchán do shruthlíniú na gcomhlachtaí éagsúla um chearta fostaíochta, faoi Eanáir 2015 bhí baill foirne riaracháin go léir Sheirbhís na gCoimisinéirí um Chearta aistrithe chuig an Aonad Sceidealaithe Aonair (Aonad Iarchláraithe) a bunaíodh amach sa bhliain 2014. Bhí an tAonad sin freagrach as sceidealú leanúnach na ngearán a cuireadh faoi bhráid na seirbhíse ach bhí ról breise nach beag aige freisin i dtaobh tástáil a dhéanamh ar an gcóras nua TFC do Sheirbhísí Breithnithe, a cuireadh i bhfeidhm sa Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre tráth a bhunaithe. Cuirfear an córas nua bainistíochta cásanna in ionad na gcóras breithnithe a bhíodh á bhfeidhmiú roimhe seo ag na comhlachtaí fostaíochta éagsúla.

**Cur ar Athráth**
Ní mór aird a dhíriú go fóill ar leibhéal na n-iarratas ar chásanna a cur ar atráth. In 2015 níor glacadh le hiarrataí ar chás a chur ar atráth ach amháin má bhí an tSeirbhís deimhin go raibh imthosca eisceachtúla i gceist nó nuair a cuireadh doiciméid tacaíochta ábhartha ar fáil.

### Atreoruithe a fuair Seirbhís na gCoimisinéirí um Chearta 2011-2015[1]

Cé go bhfuarthas 5,448 n-atreorú in 2015, fuarthas an chuid is mó de na hatreoruithe faoi na 5 Acht seo a leanas:


**Atreoruithe a Fuarthas de réir Achta**




**Staitisticí i dtaobh na nAtreoruithe a Fuarthas de réir Achta**

| | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| Na hAchtanna Caidrimh Thionscail 1969-1990 | 1,143 | 1,304 | 1,282 | 1.328 | 995 |
| An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997 | 1,288 | 1,308 | 1,930 | 1,596 | 940 |
| An tAcht um Íoc Pá 1991 | 3,040 | 2,806 | 3,296 | 2,120 | 1,506 |
| An tAcht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994 | 1,233 | 957 | 1,012 | 858 | 627 |
| Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977-2005 | 1,355 | 1,271 | 981 | 837 | 514 |

**Líon na nAtreoruithe a Fuarthas**




**Statistics on Referrals Received**

| | |
|---|---|
| 2011 | 9,206 |
| 2012 | 8,852 |
| 2013 | 10,252 |
| 2014 | 9,800 |
| 2015 | 5,448 |

**Atreoruithe faoin Acht um Chosaint Fostaithe (Oibrithe Gníomhaireachta Sealadacha), 2012**

| | |
|---|---|
| 2012 | 171 |
| 2013 | 218 |
| 2014 | 80 |
| 2015 | 33 |

[1] Tagraíonn gach figiúr i leith na bliana 2015 don tréimhse idir an 1 Eanáir 2015 agus an 30 Meán Fómhair 2015.

# Seirbhísí Corparáideacha

Tá an Stiúrthóir um Sheirbhísí Corparáideacha ina Stiúrthóir ar an tSeirbhís Chomhairleach Caidrimh Thionscail freisin.

### Cruinnithe an Bhoird

Tionóladh 5 chruinniú den Bhord in 2015. Go dtí go mbunófaí an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, d'athcheap an tAire cúigear comhaltaí den Bhord "le héifeacht ón 7 Iúil, 2013 ar feadh tréimhse nach faide ná 12 mhí nó go dtí go ndíbhunófar an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais, cibé acu is luaithe". Rinneadh athnuachan ar an mBord ar na téarmaí céanna in 2015.

Seo a leanas tinreamh na gcomhaltaí Boird i rith na bliana:

| | |
|---|---|
| Ms Breege O'Donoghue Uasal, Cathaoirleach | 5 |
| An tUasal Brendan McGinty | 5 |
| An tUasal Fergus Whelan | 5 |
| An tUasal John Hennessy | 5 |
| An tUasal Peter McLoone | 5 |

### Cód Cleachtais maidir le Rialachas agus Iompar an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais

Feidhmíonn an Bord nósanna imeachta de réir an Chóid Chleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit. Ina theannta sin, ghníomhaigh an Bord agus an Coimisiún de réir théarmaí an Chóid Cleachtais maidir le Rialachas agus Iompar an LRC, doiciméad de chuid na heagraíochta féin.

### An Coiste Iniúchóireachta

Is é ról an Choiste Iniúchóireachta, mar chuid den athbhreithniú córasach leanúnach ar an timpeallacht rialaithe agus ar nósanna imeachta rialachais laistigh den Choimisiún, tuairisc a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta agus don Bhord agus comhairle a chur orthu maidir le hábhair rialaithe inmheánaigh. Tá an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí seachfhoinsithe chuig cleachtóir neamhspleách agus déanann an Coimisiún na pleananna iniúchóireachta a bheartaíonn sí a bhreithniú agus a fhormheas mar is cuí, i gcomhthéacs clár struchtúrtha gníomhaíochta lena n-áirithítear go ndéantar gach gné ábhartha de ghníomhaíocht an Choimisiúin a scrúdú thar thréimhse ama atá réamhshainithe.

Agus pleananna iniúchóireachta á mbreithniú aige, bíonn aird ag an gCoiste i gcónaí ar fhorbairtí ar nós Treoirlínte nuashonraithe maidir le Rialachas Corparáideach, dea-chleachtas agus na hoibleagáidí géilliúntais – atá ag dul i líonmhaire agus ag éirí níos mionsonraithe – atá ar an eagraíocht agus ar dhaoine aonair den lucht bainistíochta de réir mar a dhéantar reachtaíocht, rialacháin agus cóid cleachtas nua a rith.

Chinn an Coiste Iniúchóireachta, tar éis dó na tuairiscí ábhartha go léir ón Iniúchóir a mheas, go raibh córas éifeachtach rialuithe inmheánacha i bhfeidhm sa Choimisiún in 2015. Tháinig an Coiste Iniúchóireachta le chéile faoi dhó in 2015.

### Eitic in Oifigí Poiblí

Cuireadh gach comhalta boird, na Coimisinéirí um Chearta agus Oifigigh ábhartha an Choimisiúin ar an eolas faoina n-oibleagáidí agus/nó chomhlánaigh siad na tuairisceáin iomchuí faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, de réir mar is gá

### An Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS)

Tá an Coimisiún tiomanta dá chinntiú go gcuirfear an dea-chleachtas chun feidhme i leith gach gné den PMDS chun cur le forbairt na foirne agus a chinntiú go bhfuil bealach ann le haghaidh cumarsáid chuiditheach sa dá threo. Cuireadh Próifílí Róil agus Athbhreithnithe Eatramhacha i gcrích go tráthúil i gcás gach duine d'fhoireann an Choimisiúin. Spreagtar aiseolas aníos mar ghné den phróiseas.

### Íocaíochtaí Pras Cuntas

**Tuarascáil ar Chomhlíonadh Fhorálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas**

Tá tuairisc thíos ar chleachtais íocaíochta an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais, mar a éilítear

san Acht, i leith na 9 mí dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2015:

1. De réir chinneadh s29296 ón Rialtas ar an 2 Márta 2011, tá an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais tiomanta do gach iarracht a dhéanamh soláthraithe a íoc laistigh de 15 lá ó fuarthas sonrasc bailí.
2. Tá nósanna imeachta sainiúla i bhfeidhm chun gach sonrasc a rianú agus a chinntiú go ndéanfar íocaíochtaí roimh an dáta dlite. Cláraítear sonraisc gach lá agus eisítear íocaíochtaí de réir mar is gá chun comhlíonadh tráthúil a áirithiú.
3. Nuair is gá, íoctar ús um íoc pras de réir na dtreoirlínte a d'eisigh an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.
4. Déantar Tuarascálacha Ráithiúla um Íoc Pras a fhoilsiú sa rannán den suíomh gréasáin ina bhfuil Faisnéis do Sholáthraithe.

| An Tréimhse atá Clúdaithe: an 1 Eanáir – an 30 Meán Fómhair 2015 | | | |
|---|---|---|---|
| **Sonraí** | **Líon** | **Luach (€)** | **Céatadán (%) de líon iomlán na n-íocaíochtaí a rinneadh** |
| **Iomlán na n-íocaíochtaí a rinneadh go dtí an 30 Meán Fómhair 2015** | 859 | 272,460.96 | 100% |
| **Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh laistigh de 15 lá** | 734 | 241,997.76 | 85.4% |
| **Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh tar éis 16 lá agus roimh 30 lá** | 118 | 29,713.20 | 14% |
| **Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh nuair a bhí breis is 30 lá caite** | 7 | 750.00 | 0.6% |
| **Sonraisc a raibh easaontas ann ina leith** | 0 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | 859 | 272,460.96 | 100% |

# An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais
# Ráitis Airgeadais
## Don Tréimhse 1 Eanáir 2015 - 30 Meán Fómhair 2015
## Cuntais Scoir



**Clár na Ráitis Airgeadais**


| | |
|---|---|
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí An Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais agus an Choimisiúin um Chaidreamh san Ionad Oibre | 20 |
| Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach | 21 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 23 |
| Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta | 25 |
| Ráiteas faoin Ioncaim Uileghabhálach | 26 |
| Ráiteas ar staid an airgeadais amhail | 27 |
| Ráiteas ar Shreabhadh Airgid | 28 |
| Nótaí ar na Ráitis Airgeadais | 29 |

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais agus an Choimisiúin um Chaidreamh san Ionad Oibre

## Don tréimhse 1 Eanáir 2015 - 30 Meán Fómhair 2015

Díscaoileadh an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais (LRC) le héifeacht ó 30 Meán Fómhair 2015 faoi théarmaí an Achta Caidreamh Oibreachais, 2015. Aistríodh foireann, sócmhainní, cearta agus dualgais an LRC go dtí An Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre (WRC), oifig den Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta de réir an Achta.

**Freagrachtaí an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais**
Bhí an Coimisiún freagrach as taifeadtaí cuntasaíochta cuí a choiméad, a nochtann le cruinneas réasúnta ag am ar bith staid airgeadais an Choimisiúin agus a chuireann ar a chumas cinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais na ceanglais i Rannóg 31(1) den Acht Caidrimh Thionscail 1990. Bhí an Coimisiún freagrach freisin as sócmhainní an LRC a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun cosaint i gcoinne chalaois agus neamhrialtachtaí eile agus chun iad seo a aimsiú.

**Freagrachtaí an Choimisiúin um Chaidreamh san Ionad Oibre**
Ceanglaíonn Rannóg 62(1) den Acht Caidreamh Oibreachais, 2015 ar an WRC cuntais deiridh an LRC a ullmhú. Is é Ard-Rúnaí na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta Oifigeach Cuntasaíochta an WRC.

Agus cuntais deiridh an LRC á n-ullmhú, bhí ar an WRC:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus a chur i bhfeidhm go seasta;
- breitheanna agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhunús an ghnóthais leantaigh ach amháin más bunús míchuí é;
- a rá cé acu ar leanadh na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha nochta agus mínithe sna ráitis airgeadais.

Comhlíonadh na ceanglais thuas agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

Oifigeach Cuntasaíochta
An Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre
*Dáta: 29/4/2016*

# Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach

Don tréimhse 1 Eanáir 2015 - 30 Meán Fómhair 2015

**Freagracht don Chóras Rialuithe Airgeadais Inmheánach**

De réir mar a dhéantar foráil dó faoin Acht Caidreamh Oibreachais, 2015, díscaoileadh an LRC ar 30 Meán Fómhair 2015 agus aistríodh na sócmhainní, dliteanais agus an fhoireann uile go dtí an WRC, oifig de chuid na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Suas go dtí data an dhíscaoilte, bhí Bord an LRC freagrach as éifeachtacht chóras rialuithe inmheánach airgeadais an LRC a athbhreithniú agus a chinntiú.

Mar Oifigeach Cuntasaíochta an WRC, admhaím freagracht an LRC as a chinntiú gur coinníodh agus gur feidhmíodh córas rialuithe inmheánach airgeadais éifeachtach le linn na tréimhse.

Ní féidir leis an gcóras rialuithe inmheánach airgeadais ach urrús réasúnta agus ní dearbh-urrús a chur ar fáil go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go ndéantar taifeadadh cuí ar idirbhearta, agus go ndéantar cosc ar nó go n-aimsítear laistigh d'achar réasúnta ama earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha.

**Príomhnósanna Imeachta Rialuithe**

Ghlac an LRC céimeanna le cinntiú go mbeadh timpeallacht rialuithe cuí i bhfeidhm trí:

- freagrachtaí agus cumhachtaí na bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- Nósanna imeachta formáide a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an Choimisiúin agus chun a shócmhainní a chosaint; agus
- Cultúr cuntasachta a fhorbairt thar gach leibhéal den Choimisiún.

Bhí nósanna imeachta bunaithe ag an gCoimisiún chun rioscaí gnó a aithint agus a mheasúnú trí:

- Nádúr, raon agus impleacht airgeadais na rioscaí ag an gCoimisiún a aithint, ag cur san áireamh an raon agus na catagóirí a bhí inghlactha dar leis an gCoimisiún;
- Measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlódh rioscaí aitheanta, agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár rioscaí atá i bhfeidhm;
- Measúnú a dhéanamh ar chumas an Choimisiúin chun na rioscaí a tharlódh a bhainistiú is a mhaolú; agus
- Measúnú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le rialuithe áirithe a fheidhmiú i gcomparáid leis an tairbhe a bhaineann leo.

Bunaíodh an córas rialuithe inmheánach airgeadais ar chreatlach d'eolas rialta bainistíochta, nósanna imeachta riaracháin, ag cur san áireamh deighilt dualgas, agus córas tarmligin agus cuntasachta. Bhí san áireamh ann, go háirithe:

- Córas cuimsiteach buiséadaithe le buiséad míosúil a bhí athbhreithnithe agus aontaithe ag an gCoimisiún;
- Athbhreithithe rialta ag an gCoimisiún ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí;
- Spriocanna a leagadh síos le feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhais;
- Treoirlínte atá sainmhínithe go soiléir le haghaidh ceannaigh agus faomhadh; agus
- Disclipíní bainistíochta tionscnaimh foirmeálta.

D'fhostaigh an Coimisiún comhairleoir, ar bhonn conartha, mar iniúchóir inmheánach chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais rialuithe inmheánaigh.
Bhrath an LRC ar na rialuithe a bhí á bhfeidhmiú ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, a sholáthar seirbhís phárolla, feidhm íocaíochta agus TF don Choimisiún.
Tacaíodh le monatóireacht agus athbhreithniú an Choimisiúin ar éifeachtacht an chórais rialuithe inmheánach airgeadais trí obair an Iniúchóra Inmheánaigh, an Choiste Iniúchta, na mbainisteoirí feidhmiúcháin laistigh den Choimisiún go raibh freagracht orthu le haghaidh forbairt agus coinneáil an chreatlaigh rialuithe airgeadais, agus barúlacha a nochtaigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile.
D'aithin iniúchadh an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste soláthairtí ar luach €126,000 i rith na tréimhse i dtaobh roinnt seirbhísí phroifisiúnta agus TF nár


# Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach (ar leanúint)

## Don tréimhse 1 Eanáir 2015 - 30 Meán Fómhair 2015

soláthraíodh go hiomaíoch iad. De dheasca na neamhchinnteachta a bhain le dáta bunaithe an WRC, a bhog go hincriminteach thar an tréimhse, ghlac an LRC an cinneadh go luath i 2014 agus ina dhiaidh sin, nach raibh sé indéanta dul i mbun phróisis iomaíocha do sheirbhísí dá leithéid, ó tharla nach raibh cinnteacht ag baint le dáta bunaithe ag am ar leith. Mar thoradh air seo, rinneadh tar-rolladh ar na conarthaí le haghaidh na seirbhísí seo.

**Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe**
Díscaoileadh an LRC le héifeacht ó 30 Meán Fómhair 2015 faoin Acht Caidreamh Oibreachais, 2015. Rinne an Coiste Iniúchta athbhreithniú foirmeálta ar éifeachtacht an chórais rialuithe inmeánaigh airgeadais, (mar atá riachtanach de réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú) don tréimhse naoi mí go dtí 30 Meán Fómhair 2015. Is é tuairim an Choiste Iniúchta ná go raibh córas rialuithe inmheánach airgeadais éifeachtach i bhfeidhm a d'aithin aon laigí i gcórais agus a rinne monatóireacht ar dhul chun cinn fheidhmiú ghnímh riachtanacha chun aghaidh a thabhairt ar laigí dá leithéid suas go dtí dáta an dhíscaoilte.

Sínithe ar son an Choimisiúin um Chaidreamh san Ionad Oibre.



John Murphy
Oifigeach Cuntasaíochta
An Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre
*Dáta: 29/4/2016*

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste Tuarascáil do Thithe an Oireachtais

Don tréimhse 1 Eanáir 2015 - 30 Meán Fómhair 2015

**An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais**
Tá iniúchadh déanta agam ar na ráitis airgeadais den Choimisiún um Chaidreamh Oibreachais (anois díscaoilte) don tréimhse 1 Eanáir go 30 Meán Fómhair faoin Acht Caidreamh Oibreachais 2015. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachas agus cúlchistí ioncaim coimeádta, an ráiteas ar ioncam uilegabhálach, an ráiteas ar staid an airgeadais, an ráiteas ar shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais sa bhfoirm a éilítear faoi Rannóg 31 den Acht Caidrimh Thionscail 1990, agus faoi réir na gcleachtas cuntasaíochta a bhfuil gnáthghlacadh leo in Éirinn.

**Freagrachtaí an Choimisiúin agus an Choimisiúin um Chaidreamh san Ionad Oibre**
Bhí an Coimisiún freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, chun léargas fíor agus cothrom a thabhairt agus chun rialtacht idirbheart a chinntiú.

Díscaoileadh an Coimisiún ar 30 Meán Fómhair 2015 agus aistríodh a chuid sócmhainní agus dliteanas chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre, mar atá leagtha amach i nóta 1 de na ráitis airgeadais.

I ndiaidh díscaoileadh an Choimisiúin, tá An Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais faoi réir Rannóg 62 den Acht Caidreamh Oibreachais 2015.

**Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
Is é an dualgas atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairim a nochtadh orthu faoi réir an dlí is infheidhme.

Láimhseáltar m'iniúchadh trí thagairt don chomaoin speisialta a cheanglaítear le comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistiú is a bhfeidhmiú.

Déantar m'iniúchadh faoi réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchta (RA agus Éire) agus de réir Chaighdeáin Eitice do Iniúchóirí an Bhoird um Chleachtais Iniúchta.

**Scóp iniúchadh na ráiteas airgeadais**
Áirítear, in iniúchadh, fianaise a fháil faoi na suimeanna agus nochtadh faisnéise sna ráitis airgeadais chun dóthain cinnteachta réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu calaois nó earráid ba chúis leis. Áirítear leis seo measúnú ar:

- Cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach do chúinsí an Choimisiúin, agus cé acu an gcuirtear nó nach gcuirtear na polasaithe sin i bhfeidhm go comhsheasmhach agus an nochtar go leordhóthanach iad;
- réasúntacht meastachán cuntasaíochta suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair na ráiteas airgeadais ar an iomlán.

Lorgaím fianaise freisin ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

De bhreis air sin, léim tuarascáil bhliantúil an Choimisiúin chun nithe neamh-chomhsheasamhacha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint agus chun aon fhaisnéis go bhfuil an chosúlacht uirthi go bhfuil sí mícheart, bunaithe ar, nó neamh-chomhsheasmhach le, an fhaisnéis a thagaim uirthi le linn chomhlíonadh an iniúchta a aithint. Má thagaim ar eolas faoi mhíráiteas nó faoi nithe neamh-chomhsheasamhacha ábhartha déanaim na himpleachtaí do mo thuarascáil a mheas.

**Tuairim ar na ráitis airgeadais**
Is í mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais:

- go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Choimisiúin ar 30 Meán Fómhair 2015 agus ar a ioncam agus caiteachas don tréimhse 1 Eanáir 2015 go 30 Meán Fómhair 2015; agus
- gur ullmhaíodh iad i gceart de réir na gcleachtas cuntasaíochta a bhfuil gnáthghlacadh leo in Éirinn.

Is í mo thuairim go raibh leabhair chuntais an Choimisiúin dóthanach le go bhféadfaí na ráitis

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste Tuarascáil do Thithe an Oireachtais (ar leanúint)

## Don tréimhse 1 Eanáir 2015 - 30 Meán Fómhair 2015

airgeadais a iniúchadh i gceart. Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair chuntais.

**Nithe a dtuairiscím orthu ar bhonn eisceachtaí**

Tuairiscím ar bhonn eisceachtaí muna bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe go léir a mheas mé ba ghá i gcomhair mo iniúchta faighte agam, nó má thagaim ar:

- aon chéim ábhartha áit nár caitheadh airgead chun na críocha beartaithe nó áit nár chloí na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaigh iad, nó
- nach bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil bhliantúil an Choimisiúin i gcomhréir leis na ráitis airgeadais ghaolmhara nó leis an fhaisnéis a tháinig mé uirthi le linn dom mo iniúchadh a dhéanamh, nó
- nach bhfuil an ráiteas ar rialuithe inmheánach airgeadais ag teacht le comhlíonadh an Choimisiúin den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, nó
- go bhfuil nithe ábhartha eile a bhaineann leis an slí ar láimhseáladh gnó poiblí..

Níl aon ní le tuairisciú agam i ndáil leis na nithe sin ar a dtuairiscítear ar bhonn eisceachtaí.

Seamus McCarthy

**Seamus McCarthy**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**10 Bealtaine 2016**

# Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta

## Don tréimhse 1 Eanáir 2015 - 30 Meán Fómhair 2015

| | Nótaí | € | Tréimhse dar chríoc 30 Meánh Fómhair 2015 € | Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2014 Athshonraithe € |
|---|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | | |
| Deontais Oireachtais | 2 | | 2,362,566 | 4,049,785 |
| Glanchistiú iarchurtha le haghaidh sochar scoir | 6(a) | | 89,000 | 119,000 |
| | | | 2,451,566 | 4,168,785 |
| Aistriú (chuig)/ó Chuntas Caipitil | 3 | | 24,914 | 32,382 |
| | | | 2,476,480 | 4,201,167 |
| **Caiteachas** | | | | |
| Tuarastail agus costais ghaolmhara | 4 | 1,987.641 | | 3,186,032 |
| Taisteal agus cothabháil | | 165,549 | | 220,950 |
| Táillí chomhaltaí an Choimisiúin | 7 | 51,300 | | 68,400 |
| Cíos ar sheomraí cruinnithe | | 56,448 | | 76,106 |
| Stáiseanóireacht agus soláthairtí oifige | | 13,621 | | 21,744 |
| Postas, carraeireacht agus teileafón | | 62,435 | | 110,927 |
| Siamsaíocht agus lónadóireacht | | 1,407 | | 2624 |
| Taighde | | - | | 14,246 |
| Cothabháil Fóntais agus Oifige | | 112,553 | | 145,537 |
| Táille Iniúchóireachta | | 12,200 | | 8,200 |
| Táillí comhairleachta agus proifisiúnta | | 65,212 | | 92,197 |
| Ilspeansais | | 16,978 | | 35,297 |
| Clódóireacht | | 7,397 | | 7,496 |
| Oiliúint | | 1,035 | | 6,165 |
| Sochair Scoir | 6(a) | 89,000 | | 119,000 |
| Athchóiriú | | 5,242 | | 61,750 |
| Dímheas | | 24,914 | | 39,973 |
| Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta | | - | | 220 |
| | | | 2,672,931 | 4,216,864 |
| **Easnamh na bliana** | | | (196,451) | (15,697) |
| Iarmhéid ar 1 Eanáir | | | (30,056) | (14,359) |
| Iarmhéid ag deireadh na tréimhse | | | (226,507) | (30,056) |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad Nótaí 1 go 16.

John Murphy
Oifigeach Cuntasaíochta
An Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre
*Dáta: 29/4/2016*

# Ráiteas faoin Ioncaim Uileghabhálach

## Don tréimhse 1 Eanáir 2015 - 30 Meán Fómhair 2015

| | Nóta | Tréimhse dar chríoch 30 Meán Fómhair 2015 € | Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2014 Athshonraith € |
|---|---|---|---|
| Easnamh don tréimhse/bliain | | (196,451) | (15,697) |
| Gnóthachain(/caillteanais) ó thaithí ar dhliteanais scéim phinsin | | (131,000) | 99,000 |
| Athruithe ar fhoshuíomh cuntasaíochta is bunús do luach reatha dhliteanais scéim phinsin | | 0 | 0 |
| **Gnóthachain/(caillteanais) achtúireacha ar dhliteanais phinsin** | | (131,000) | 99,000 |
| **Coigeartú ar mhaoiniú pinsin iarchurtha** | 6(e) | 131,000 | (99,000) |
| **Caillteanas iomlán admhaithe don tréimhse/bliain** | | (196,451) | (15,697) |

Don tréimhse 1 Eanáir 2015 - 30 Meán Fómhair 2015



John Murphy
Oifigeach Cuntasaíochta
An Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre
*Dáta: 29/4/2016*

# Ráiteas ar staid an airgeadais amhail

ar 30 Meán Fómhair 2015

| | Nótaí | € | Tréimhse dar chríoch 30 Meán Fómhair 2015<br>€ | Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2014 Athshonraith<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | 10 | | 54,950 | 79,864 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | |
| Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí | 11 | 32,365 | | 37,689 |
| Airgead tirim sa bhanc agus in aice láimhe | 12 | 4,735 | | 97,512 |
| | | 37,100 | | 135,201 |
| **Dliteanas reatha** | | | | |
| Creidiúnaithe (suimeanna iníoctha laistigh d'aon bhliain amháin) | 13 | 263,607 | | 165,257 |
| | | 263,607 | | 165,257 |
| **Glansócmhainní/(Dliteanais) reatha** | | | (226,507) | (30,056) |
| **Glansócmhainní lúide Dliteanas reatha roimh Sócmhainní/oibleagáidí Sochair Scoir** | | | (171,557) | 49,808 |
| **Sochair Scoir** | | | | |
| Sócmhainn chistiúcháin sochair scoir iarchurtha | 6(d) | | 1,550,000 | 1,330,000 |
| Oibleagáidí sochair scoir | 6(b) | | (1,550,000) | (1,330,000) |
| **Glansócmhainní lúide Dliteanas reatha** | | | (171,557) | 49,808 |
| **Cúlchistí aistrithe chuig Cúlchistí Ioncaim Coimeádta Chuntas Caipitil An Choimisiúin um Chaidreamh** | | | | |
| Cuntas Caipitil | 3 | | 54,950 | 79,864 |
| Iarmhéid ag deireadh na tréimhse | | | (226,507) | (30,056) |
| | | | (171,557) | 49,808 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad Nótaí 1 go 16.

John Murphy
Oifigeach Cuntasaíochta
An Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre.
*Dáta: 29/4/2016*

# Ráiteas Sreabhadh Airgid

## Don tréimhse 1 Eanáir 2015 - 30 Meán Fómhair 2015

| | Tréimhse dar chríoch 30 Meán Fómhair 2015 € | Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2014 € |
|---|---|---|
| **Easnamh don tréimhse/bliain** | (196,451) | (15,697) |
| **Móide:** | | |
| Méadú/(Laghdú) ar shuimeanna iníoctha | 98,350 | 23,556 |
| Méadú/(Laghdú) ar infháltais | 5,324 | 71,137 |
| Dímheas agus lahdú ar scócmhainní seasta | 24,914 | 39,973 |
| Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta | - | 220 |
| Aistriú ó Chuntas Caipitil | (24,914) | (32,382) |
| Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta Inláimhsithe a fháil | - | (7,810) |
| **Méadú/(Laghdú) ar airgead agus ar choibhéisí airgid sa bhliain/tréimhse** | (92,777) | 78,997 |
| **Réiteach ar Ghlansreabhadh airgid go dtí Gluaiseachtaí i nGlanchistí** | | |
| Méadú/(Laghdú) ar Ghlanchistí sa tréimhse/bliain | (92,777) | 78,997 |
| Glanchistí ag 1 Eanáir | 97,512 | 18,515 |
| **Net Funds at end of period/year** | 4,735 | 97,512 |

Ní raibh aon sreabhadh airgid ó Infheistiú ná ó Ghníomhaíochtaí Mhaoinithe.

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad Nótaí 1 go 16.

John Murphy
Oifigeach Cuntasaíochta
An Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre
*Dáta: 29/4/2016*

# Nótaí ar na Ráitis Airgeadais

Don tréimhse 1 Eanáir 2015 - 30 Meán Fómhair 2015

**1. Faisnéis Ghinearálta ar Pholasaithe Cuntasaíochta**

Faoin Acht Caidreamh Oibreachais 2015 díscaoileadh an LRC le héifeacht ó 30 Meán Fómhair 2015. Aistríodh feidhmeanna, gníomhaíochtaí, sócmhainní agus dliteanais uile an Choimisiúin go dtí an WRC, oifig de chuid na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta ag an luach de réir na leabhar agus dá réir sin ní dhearnadh aon leasuithe ar luach na sócmhainní is na ndliteanas tugtha anonn.

**a) Ráiteas Comhlíonta**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an LRC don tréimhse dar críoch 30 Meán Fómhair 2015 de réir FRS 102, an caighdeán um thuairisciú airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn agus atá eisithe ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC). Is iad seo an chéad tacar ráiteas airgeadais ag an LRC a hullmhaíodh de réir FRS 102. Is é 1 Eanáir 2014 an dáta trasdula go dtí FRS 102. Athshonraíodh ráitis airgeadais na bliana roimhe le haghaidh coigeartú ábhartha ar ghlacadh le FRS 102 sa bhliain reatha. Is féidir toradh an ghlactha seo a fheiceáil i Nóta 16.

**b) Bunús an Ullmhaithe**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Tá na ráitis airgeadais sa bhfoirm atá faofa ag an Aire Airgeadais faoin Acht Caidrimh Thionscail, 1990. Cuireadh na polasaithe cuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasta i láimhseáil nithe a mheastar a bheith ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais an LRC.

**c) Tréimhse Chuntais agus Aistriú Iarmhéideanna**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo don tréimhse naoi mí go 30 Meán Fómhair 2015, dáta díscaoilte an Choimisiúin. Aithníonn a ráitis airgeadais:

- Gach Ioncaim agus Caiteachas suas go dtí an dáta díscaoilte;
- Sócmhainní agus Dliteanas Uile ag an dáta díscaoilte a leagtar amach sa Ráiteas ar staid an airgeadais agus a haistríodh go dtí an WRC ar dhíscaoileadh.

Aistríodh glan-dliteanas de €171,557 go dtí an WRC ag 30 Meán Fómhair 2015. San áireamh iontu seo, bhí:

| | |
|---|---|
| Cuntas caipitil | €54,950 |
| Cúlchistí Ioncaim Coimeádta | (€226,507) |
| Glan-dliteanas Iomlán Aistrithe | (€171,557) |

**d) Deontais Oireachtais**

Mínítear ioncam ar bhonn íocaíochtaí déanta ag An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta ar son an Choimisiúin.

**e) Sócmhainní Seasta agus Dímheas**

Ghlac an LRC íosthairseach chaipitlithe de €1,000 chuige féin. Tá sócmhainní seasta luaite ar a gcostas lúide dímheas carntha. Gearrtar dímheas ag rátaí a ríomhtar chun costas gach sócmhainn a dhíscríobh thar a shaolré ionchais de réir méid chothroim mar a leanas:

| | |
|---|---|
| Troscáin, Daingneáin agus Feisteas | 10% in aghaidh na bliana |
| Trealamh | 20% in aghaidh na bliana |

# Nótaí ar na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)

## Don tréimhse 1 Eanáir 2015 - 30 Meán Fómhair 2015

**f) Cuntas Caipitil**

Léiríonn an cuntas caipitil an tsuim ioncaim gan amúchadh a húsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach agus luach na sócmhainní a haistríodh chuig an gCoimisiún.

**g) Sochair Scoir**

Bhí scéim phinsin neamh-ranníocach le sochar sainithe i bhfeidhm ag an gCoimisiún do Oifigeach amháin. Maoiníodh í seo go bliantúil ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear le hairgead a sholáthraigh An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. D'aistrigh an scéim go dtí An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta ar dhíscaoileadh an LRC. Meastar oibleagáidí sochair scoir ar bhonn achtúireach ag baint leas as modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid. Freagraíonn costais sochair scoir do shochair phinsin tuillte sa tréimhse. Aithnítear suim a fhreagraíonn don mhuirear scoir mar ioncaim sa mhéid is go bhfuil sí in-aisghabhála, agus fritháirítear í in aghaidh deontas faighte sa bhliain chun íocaíochtaí sochair scoir a chomhlíonadh.

Léirítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn ar oibleagáidí sochair scoir sa Ráiteas ar Ioncam Uilegabhálach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa suim inaisghabhála ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Léiríonn dliteanas pinsin luach reatha íocaíochtaí phinsin todhchaí tuillte go dáta. Léiríonn cistiú pinsin iarchurtha an sócmhainn comhfhreagrach le bheith aisghafa i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

**h) Stoic**

Níl aon ghlanluach inréadaithe ag stoic foilseacháin agus stáiseanóireachta agus ní fhéachtar orthu mar shócmhainní.

| | Tréimhse dar chríoch 30 Meán Fómhair 2015 € | Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2014 € |
|---|---|---|
| **2 Deontais Oireachtais** | | |
| Sholáthraigh An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (Vóta 32) maoiniú deontais le linn na bliana mar a leanas: | | |
| Íoctha leis an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais - Fotheideal C.3 | - | 600,000 |
| Íoctha go díreach ag an Roinn Fotheideal C.3 | 2,451,840 | 3,449,785 |
| Lúide: Aisíoc mhaoiniú deontais chuig RPFN* | (89,274) | - |
| **D'éirigh an aisíoc de bharr chistí barrachais ó bhlianta r oimhe sin ó airgead deontais neamhphá shócmhainní. | 2,362,566 | 4,049,785 |

# Nótaí ar na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)

Don tréimhse 1 Eanáir 2015 - 30 Meán Fómhair 2015

| | Tréimhse dar chríoch 30 Meán Fómhair 2015 € | Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2014 € |
|---|---|---|
| **3 Cuntas Caipitil** | | |
| Iarmhéid ar 1 Eanáir | 79,864 | 112,246 |
| **Aistriu (chuig an)/ón Ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachas agus cúlchistí ioncaim coimeádta:** | | |
| Ioncaim caite ar cheannach Sócmhainní Seasta | - | 7,811 |
| Glanluach de réir na leabhar de Shócmhainní Diúscartha | - | (220) |
| Amúchadh ar aon dul le dímheas | (24,914) | (39,973) |
| | (24,914) | (32,382) |
| Iarmhéid ag 30 Meán Fómhair 2015/31 Nollaig 2014 | 54,950 | 79,864 |

**4 Tuarastail agus Costais Ghaolmhara**

Is Státseirbhísigh sannta don Choimisiún ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta iad an fhoireann go léir, seachas an Príomhfheidhmeannach agus na Coimisinéirí um Chearta.

Áirítear sa mhuirear de €1,987,641 (2014: €3,186,032) táillí de €598,687 (2014: €862,681) iníoctha le 12 Coimisinéirí um Chearta.

Is é an líon iomlán foirne a bhí fostaithe ag 30 Meán Fómhair 2015 ná 29 (2014 - 43) le costas tuarastail de €1,388,954 (2014: €2,323,351).

**Miondealú ar shochair na bhFostaithe**

| **Raon sochair na bhFostaithe** | | | **Líon na bhFostaithe** | |
|---|---|---|---|---|
| **Ó** | | **Go dtí** | **2015** | **2014** |
| €60,000 | - | €69,999 | 4 | 7 |
| €70,000 | - | €79,999 | 1 | 4 |
| €80,000 | - | €89,999 | 0 | 1 |
| €90,000 | - | €99,999 | 0 | 2 |
| €100,000 | - | €109,999 | 0 | 0 |
| €110,000 | - | €119,999 | 0 | 0 |
| €120,000 | - | €129,999 | 1 | 0 |
| €130,000 | - | €139,999 | 0 | 0 |
| €140,000 | - | €149,999 | 0 | 0 |
| €150,000 | - | €159,999 | 0 | 1 |

# Nótaí ar na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)

## Don tréimhse 1 Eanáir 2015 - 30 Meán Fómhair 2015

### 5 Príomhfheidhmeannach

Fuair an Príomhfheidhmeannach íocaíochtaí tuarastail de €122,446 (2014: €156,380). Ní dhearnadh aon íocaíochtaí bónais sa tréimhse. Fuair an Príomhfheidhmeannach suim de €8,102 (2014: €7,670) i leith taisteal agus cothabháil. Ní shíníonn teidlíochtaí phinsin an Phríomhfheidhmeannaigh thar na teidlíochtaí caighdeánacha i scéim aoisliúntais sochair sainithe shamhail na hearnála poiblí. Íocadh táille €6,733 leis an bPríomhfheidhmeannach dá ról mar Chathaoirleach na Comhairle Spóirt don naoi mí atá clúdaithe ag na ráitis airgeadais seo.

### 6 Sochair Scoir

| (a) Anailís ar chostais sochair scoir uile gearrtha ar an Státchiste | Tréimhse dar chríoch 30 Meán Fómhair 2015 € | Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2014 € |
|---|---|---|
| Costais Reatha Sheirbhísí | 33,000 | 47,000 |
| Ús ar dhliteanas scéime Shochair Scoir | 56,000 | 72,000 |
| Muirear Sochair Scoir i dtréimhse/bliain | 89,000 | 119,000 |

| (b) Gluaiseacht i nglanoibleagáidí sochair scoir i rith na tréimhse/bliana airgeadais | Tréimhse dar chríoch 30 Meán Fómhair 2015 € | Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2014 € |
|---|---|---|
| Glandliteanas Sochair Scoir ar 1 Eanáir | 1,330,00 | 1,310,000 |
| Costas Reatha Seirbhíse | 33,000 | 47,000 |
| Costas Úis | 56,000 | 72,000 |
| (Gnóthachain)/caillteanais achtúireacha | 131,000 | (99,000) |
| Sochair íoctha sa bhliain | 0 | 0 |
| Glanoibleagáidí Sochair Scoir ar 30 Meán Fómhair 2015/ 31 Nollaig 2014 | 1,550,000 | 1,330,000 |

| (c) Glanchistiú iarchurtha le haghaidh Sochair Scoir | Tréimhse dar chríoch 30 Meán Fómhair 2015 € | Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2014 € |
|---|---|---|
| Bhí an glanchistiú iarchurtha le haghaidh Sochair Scoir a bhí aitheanta sa Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta mar seo a leanas: | | |
| Cistiú inghnóthaithe i leith Shochair Scoir na tréimhse reatha | 89,000 | 119,000 |
| Deontas Stáit úsáidte le pinsinéirí a íoc | - | - |
| | 89,000 | 119,000 |

# Nótaí ar na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)

Don tréimhse 1 Eanáir 2015 - 30 Meán Fómhair 2015

**(d) Cistiú iarchurtha le haghaidh Sochair Scoir**

Aithníonn an Coimisiún na suimeanna seo mar shócmhainn a fhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamhchistithe le haghaidh pinsin ar bhonn an tacair bonn tuisceana thuasluaite agus roinnt teagmhais stairiúla. Áirítear sna teagmhais seo an bonn reachtúil le haghaidh bunú na scéimeanna pinsin, agus an beartas agus cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i dtaca le pinsin seirbhíse phoiblí a mhaoiniú, ag cur san áireamh an próiseas meastacháin bliantúil.

Níl aon fhianaise ag an gCoimisiún nach leanfaidh an cistiú seo ag maoiniú suimeanna mar seo de réir chleachtais reatha. Sheas an sócmhainn chistithe iarchurtha le haghaidh pinsin amhail ar 30 Meán Fómhair 2015 ag €1,550,000 (2014: €1,330,000).

| **(e) Stair oibleagáidí sochair sainithe** | **Tréimhse dar chríoch 30 Meán Fómhair 2015 €** | **Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2014 €** |
|---|---|---|
| Oibleagáidí sochair sainithe | €1,550,000 | €1,330,000 |
| Caillteanais/(gnóthachain) ó thaithí ar dhliteanas scéime: | | |
| Méid | €131,000 | €(99,000) |
| Céatadán de dhliteanas scéime | (7%) | (7%) |

Is iad na caillteanais achtúireacha charnacha a aithnítear i Ráiteas na nGnóthachan agus na gCaillteanas Iomlán Admhaithe ná €718,000.

**(f) Cur síos ginearálta ar an scéim**

Is socrú pinsin tuarastail le sochar sainithe í an scéim phinsin le sochair agus rannaíocaíochtaí sainithe trí thagairt do "shamhail" na rialachán reatha um scéimeanna earnála poiblí. Tá an luacháil a húsáideadh le haghaidh nochtuithe Sochair Scoir bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán ar 29 Feabhra 2016 ag achtúire cáilithe neamhspleách ag cur san áireamh riachtanais an FRS102 chun dliteanas na scéime ar 30 Meán Fómhair 2015 a mheas.

| Ba iad seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana achtúireacha: | **Tréimhse dar chríoch 30 Meán Fómhair 2015** | **Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2014** |
|---|---|---|
| Ráta méadaithe tuarastal | 2.00% | 4.00% |
| Ráta méadaithe i bpinsin in íocaíocht | 2.00% | 4.00% |
| Ráta Lascaine | 2.35% | 5.50% |
| Ráta boilscithe | 2.00% | 2.00% |
| Meán-ionchas saoil: | | |
| Fear in aois 65 | 22 | 22 |
| Bean in aois 65 | 25 | 25 |

**7 Táillí Chomhaltaí an Choimisiúin**

| Is iad seo a leanas na táillí iníoctha i dtréimhse na gcuntas chuig Comhaltaí an Choimisiúin: | **Tréimhse dar chríoch 30 Meán Fómhair 2015** | **Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2014** |
|---|---|---|
| Cathaoirleach | 15,390 | 20,520 |
| Gnáthchomhaltaí (Nóta 8) | 35,910 | 47,880 |
| | 51,300 | 68,400 |

# Nótaí ar na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)

Don tréimhse 1 Eanáir 2015 - 30 Meán Fómhair 2015

**8 Liosta Táillí Chomhaltaí an Choimisiúin**

| | Tréimhse dar chríoch 30 Meán Fómhair 2015 | Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Breege O'Donoghue (Cathaoirleach) | 15,390 | 20,520 |
| Brendan McGinty | 8,978 | 11,970 |
| John Hennessy | 8,978 | 11,970 |
| Peter McLoone | 8,977 | 11,970 |
| Fergus Whelan | 8,977 | 11,970 |
| | 51,300 | 68,400 |

Níor íocadh aon chostais mhíleáiste ná cothabhála le Comhaltaí an Choimisiúin i 2014 nó 2015.

**9 Cíos agus Rátaí**

D'oibrigh an Coimisiún ó oifigí soláthartha don LRC ag Oifig na nOibreacha Poiblí ar bhonn saor ó chíos.

**10 Sócmhainní Seasta**

| | Troscáin, Daingneáin agus Feisteas | Trealamh | Iomlán |
|---|---|---|---|
| **Costas** | € | € | € |
| Ar 1 Eanáir 2015 | 421,989 | 457,933 | 879,922 |
| Éadálacha sa tréimhse | - | - | - |
| Diúscairtí sa tréimhse | - | - | - |
| Ar 30 Meán Fómhair 2015 | 421,989 | 457,933 | 879,922 |
| **Dímheas Carntha** | | | |
| Ar 1 Eanáir 2015 | 372,504 | 427,554 | 800,058 |
| Muirear don tréimhse | 13,854 | 11,060 | 24,914 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | - | - | - |
| Ar 30 Meán Fómhair 2015 | 368.358 | 438,614 | 824,972 |
| **Glanluach de réir na leabhar** | | | |
| Ar 30 Meán Fómhair 2015 | 35,631 | 19,319 | 54,950 |
| Ar 31 Nollaig 2014 | 49,485 | 30,379 | 79,864 |

**11 Féichiúnaithe & Réamhíocaíochtaí**

| | Amhail ar 30 Meán Fómhair 2015 | Amhail ar 31 Nollaig 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Féichiúnaithe | - | 861 |
| Réamhíocaíochtaí | 21,338 | 20,560 |
| OPW | 11,027 | 16,268 |
| | 32,365 | 37,689 |

# Nótaí ar na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)

Don tréimhse 1 Eanáir 2015 - 30 Meán Fómhair 2015

| **12 Banc & Airgead Tirim** | **Amhail ar 30 Meán Fómhair 2015 €** | **Amhail ar 31 Nollaig 2014 €** |
|---|---|---|
| Cuntas reatha | 4,649 | 95,988 |
| Cuntas taisce | - | 1,333 |
| Mionairgead | 86 | 191 |
| | 4,735 | 97,512 |

| **13 Creidiúnaithe** | **Amhail ar 30 Meán Fómhair 2015 €** | **Amhail ar 31 Nollaig 2014 €** |
|---|---|---|
| Fabhruithe - ginearálta | 243,207 | 157,057 |
| Táille Iniúchta - fabhruithe | 20,400 | 8,200 |
| | 263,607 | 165,257 |

Fabhruithe pá saoire – Níor fhábhraigh an LRC roimhe le haghaidh pá saoire a bhí tuillte ag fostaithe ach nach raibh glactha fós acu ar an dáta tuairiscithe. Faoi FRS 102, ní mór do na ráitis airgeadais suimeanna dá leithéid a admháil mar fhabhruithe. Is é an toradh air seo ná méadú de €41,162 i gcreidiúnaithe ar an dáta aistrithe agus €12,820 ar 30 Meán Fómhair 2015.

**14 Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara**

Tá príomhphearsanra bainistíochta sa LRC comhdhéanta den Phríomhfheidhmeannach agus comhaltaí an Bhoird Stiúrtha. Ba ionann an cúiteamh iomlán a híocadh le príomhphearsanra bainistíochta, ag cur san áireamh táillí agus costais chomhaltaí Boird agus luach saothair iomlán an Phríomhfheidhmeannaigh, agus €181,848 (2014: €232,450).

Le haghaidh miondealú ar an luach saothair agus sochair a híocadh le príomhphearsanra bainistíochta féach Nótaí 5 agus 7.

Ba chomhlacht reachtúil neamhspleách faoi choimirce na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta ab ea an LRC. Fuair an Coimisiún cúnamh deontais ón Roinn seo agus, de bharr idirbhearta éagsúla ábhartha, féachtar air mar pháirtí gaolmhar.

Ghlac an Bord nósanna imeachta chuige féin de réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú i ndáil le nochtadh leasanna ag comhaltaí an Bhoird agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo le linn na tréimhse.

Ní raibh aon idirbhearta sa tréimhse i ndáil le gníomhaíochtaí an Bhoird ina raibh leas tairbhiúil ag comhaltaí an Bhoird.

# Nótaí ar na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)

Don tréimhse 1 Eanáir 2015 - 30 Meán Fómhair 2015

### 15 Díscaoileadh an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais

Sholáthraigh an tAcht Caidreamh Oibreachais 2015 d'fheidhmiú mheicníocht Chearta Fostaíochta agus Caidreamh Tionsclaíoch (CFCT) an Stáit. Déanann an leasúchán cuíchóiriú ar an gcúig comhlachtaí Stáit um chearta fostaíochta a bhí ag an Stát roimhe seo: An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais (LRC), an tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta (NERA), an Binse Achomhairc Fostaíochta (EAT), an Binse Comhionannais agus an Chúirt Oibreachais.

Síníodh an tAcht Caidreamh Oibreachais 2015 (an tAcht) ina dhlí. Thosaigh an tAcht ar 1 Deireadh Fómhair 2015, le díscaoileadh an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais agus bunú An Choimisiúin um Chaidreamh san Ionad Oibre.

Ó tharla gur aistríodh feidhmeanna, oibríochtaí, foireann, sócmhainní agus dliteanas an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre, oifig de chuid na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta, ar bhonn gnóthais leantaigh, tá sé cuí go n-ullmhófaí na cuntais ar bhonn gnóthais leantaigh.

### 16 Trasdul go FRS 102

| **Réiteach Caipitil agus Cúlchistí** | **Amhail ar 1 Eanáir 2014 €** | **Amhail ar 31 Nollaig 2014 €** |
|---|---|---|
| Caipiteal agus Cúlchistí (mar a sonraíodh roimhe) | 123,971 | 90,970 |
| Fabhruithe pá saoire (Nóta 16 (a)) | (26,084) | (41,162) |
| Caipiteal agus Cúlchistí (mar a athshonraíodh) | 97,887 | 49,808 |

| **Réiteach an Easnaimh don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2014** | € |
|---|---|
| Easnamh don bhliain (mar a sonraíodh roimhe) | 619 |
| Fabhruithe pá saoire (Nóta 16 (a)) | 15,078 |
| Easnamh don bhliain (mar a athshonraíodh) | 15,697 |

### a) Fabhruithe pá saoire

Níor fhábhraigh an LRC roimhe le haghaidh pá saoire a bhí tuillte ag fostaithe ach nach raibh glactha fós acu ar an dáta tuairiscithe. Faoi FR5102 ní mór do na ráitis airgeadais fabhruithe dá leithéid a admháil.

Is é tionchar an athruithe seo ná méadú de €26,084 i gcreidiúnaithe ar an dáta aistrithe (01/01/2014) agus €41,162 ar 31 Nollaig 2014. Mhéadaigh an t-easnamh faoi €26,084 sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013 agus tá an t-easnamh méadaithe faoi €15,078 sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2014.

1991.1992.1993.1994
1995.1996.1997.1998
1999.2000.2001.2002
2003.2004.2005.2006
2007.2008.2009.2010
2011.2012.2013.2014
2015

An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais
Teach Tom Johnson, Bóthar Haddington, Baile Átha Cliath 4, Éire, DO4 AE64

**Teil:** 1890 22 02 27 nó +353 (0)1 613 6700 **Facs:** +353 (0)1 613 6701
info@workplacerelations.ie
www.workplacerelations.ie

Design www.paulmartin.ie Aistriúchán: InfoMarex